NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Snáithe: **Dearadh**

Téama: **Taiscí faoi cheilt**



## Torthaí Foghlama:

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:**

**3.2** teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid chun a dhearadh féin agus dearadh daoine eile a mhíniú

**2.4** coimre dearaidh a léirmhíniú agus é seo a léiriú trína líníochtaí

**3.6** saothar deiridh a dhearadh bunaithe ar a líníochtaí

**3.7** cur síos a dhéanamh ar shamplaí den dearadh stairiúil agus comhaimseartha

**3.11** a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a scrúdú trí ghnéithe ealaíne agus trí phrionsabail deartha a úsáid

**3.14** na meáin a úsáid ina shaothar dearaidh féin bunaithe ar choimre dearaidh

## Tasc

Roghnaigh an scoláire a théama féin agus, ag obair ó fhoinse phríomha, bunaithe ar an téama sin, dhear sé agus chuir sé comhdhéanamh le patrúin athfhillteacha i gcrích ar pháipéar A2 nó ar fhabraic.

## Am

8 seachtaine

## Cúlra:

Roghnaigh an scoláire ceann amháin de thrí rogha (Taiscí faoi cheilt/Solas agus scáth/Mo dhearcadhsa) agus d'oibrigh sé ó fhoinse phríomha a bhí bunaithe ar an téama sin. Dhear an scoláire agus chuir sé comhdhéanamh le patrúin athfhillteacha i gcrích ar pháipéar A2 nó ar fhabraic.

Bhí an scoláire ag foghlaim conas a fhoinsí príomha a bhreathnú, a thaifeadadh agus a anailísiú, trí líne, ton agus dath chomh maith le meáin éagsúla a úsáid. Rinne an scoláire taighde ar phatrún agus ar phrionsabail an dearaidh agus scrúdaigh sé saothar a bhí déanta ag dearthóirí patrúin clúiteacha.

D'úsáid an scoláire an tuiscint a bhí aige ar phatrúin a dhéanamh chun píosa dá líníochtaí a roghnú a bheadh oiriúnach le húsáid mar mhóitíf chun patrún athfhillteach a dhearadh. Sa bhloc sceitseála Amharc-ealaíne bailíodh le chéile fianaise faoin bpróiseas, nótaí agus machnaimh maidir lena chinntí agus lena réamhobair, chomh maith leis an dearadh deiridh.

**Nótaí an mhúinteora ag úsáid na gcritéar rathúlachta**

Tugtar an méid atá tugtha faoi deara ag an múinteoir le chéile sna nótaí, ag úsáid na gcritéar rathúlachta, féachaint leis an leibhéal gnóthachtála atá i gceist sa saothar seo a dhéanamh amach. Dheimhnigh grúpa um Dhearbhú Cáilíochta, ina raibh múinteoirí atá istigh sa rang agus ionadaithe as CNCM, an Chigireacht, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus seirbhís tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí na nótaí agus na breithiúnais.

**Nótaí an mhúinteora:**

Tá tuiscint mhaith ag an scoláire ar na gnéithe d'Amharc-ealaín léirithe agus bhain sé úsáid mhaith astu. Tá scileanna líníochta láidre le sonrú ina chuid oibre, scileanna a d'úsáid sé chun a spreagthaigh a bhreathnú, a thaifeadadh agus a anailísiú. Bhí forbairt ar a scileanna líníochta agus dul chun cinn maith le feiceáil go soiléir ó bhun barr.

Tá caighdeán maith leis na smaointe agus na scileanna a forbraíodh sa bhloc sceitseála Amharc-ealaíne. Léirítear scileanna an scoláire, mar shampla, ón úsáid a bhaineann sé as meáin mheasctha. Mar sin féin, cé go bhfuil roinnt trialacha an-mhaith cruthaithe aige le meáin mheasctha ní mór dó dearaí malartacha a thaispeáint agus plean dearaidh a chur san áireamh le míniú a thabhairt ar an gcaoi ar tháinig sé ar a phatrún athfhillteach deiridh. Chabhródh sin leis tuiscint níos fearr a fháil ar an bpróiseas agus ar a dhearadh deiridh.

Baineann an scoláire úsáid mhaith as nótaí sa bhloc sceitseála ach chuirfeadh tuilleadh anailíse agus machnaimh lena chuid oibre. Chomh maith leis sin, ní mór don scoláire breac-chuntas a thabhairt ar na tuairimí agus na cúiseanna níos pearsanta atá taobh thiar de na cinntí dearaidh ina chuid oibre.

Tríd is tríd, léirítear líníocht agus fiosrú maith sa tionscadal ach níor chuir an scoláire i bhfeidhm ina n-iomláine iad ina dhearadh.

**Tuairisceoir a bronnadh:** Ag teacht leis na hionchais